COBHSAÍOCHT AGUS COMHLACHAS
IDIR
AN tAONTAS EORPACH
AGUS AN BHOSNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

An Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**UE-BA 3852/24**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó CHOMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS AE-AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN lena mbunaítear na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach faoi Airteagal 17(4) d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile |

**CINNEADH Uimh. ...**
**Ó CHOMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS**
**AE-AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN**

**an …**

**lena mbunaítear na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach faoi Airteagal 17(4) d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS AE-AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile[1], agus go háirithe Airteagal 117 de,

1 IO AE L 164, 30.6.2015, lch. 2.

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) De dheasca phaindéim COVID-19, tá méadú tagtha ar an bpráinn atá le timpeallacht chustaim gan pháipéar i réimse na rialacha tionscnaimh agus chinn formhór mór na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara[2] ('an Coinbhinsiún' agus 'na Páirtithe Conarthacha', faoi seach) glacadh le cóipeanna leictreonacha de dheimhnithe gluaiseachta.

(2) Go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm lena ndéantar foráil do thacar nua rialacha tionscnaimh nuachóirithe agus níos solúbtha ('an leasú ar an gCoinbhinsiún') arna ghlacadh ag an gComhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún de bhua Chinneadh Uimh. 1/2023[3] uaidh, chomhaontaigh roinnt Páirtithe Conarthacha tacar malartach rialacha tionscnaimh a chur chun feidhme, bunaithe ar an leasú ar an gCoinbhinsiún ('na Páirtithe Conarthacha a chuirfidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm') ar bhonn déthaobhach idirthréimhseach ('na Rialacha idirthréimhseacha'). Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tá roinnt prótacal déthaobhach tagtha i bhfeidhm maidir le rialacha tionscnaimh idir na Páirtithe Conarthacha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha. A mhéid a bhaineann leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, cuireadh Prótacal 2 nua in ionad Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, ('an Comhaontú') le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais AE-an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin[4]. Leagtar amach na Rialacha idirthréimhseacha i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an bPrótacal 2 nua sin.

---

2 IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4.

3 Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO AE L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

4 Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an 11 Nollaig 2023 lena leasaítear an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, trí Phrótacal 2 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin a ionadú (IO AEL, 2024/245, 18.1.2021, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/245/oj).

(3) Na Páirtithe Conarthacha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, d'fhorbair siad córais leictreonacha, nó chuir siad córais atá ann cheana in oiriúint, chun an gá atá le digitiú a chothromú le ceanglais na foirme deimhnithe gluaiseachta ar a dtugtar tuairisc sna Rialacha idirthréimhseacha.

(4) I bhfianaise na forbartha ar chórais leictreonacha chustaim, admhaíonn an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ('na Páirtithe') gur cheart eisiúint, cur isteach agus fíorú cruthúnas tionscnaimh i bhfoirm deimhnithe gluaiseachta a nuachóiriú.

(5) Dearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas leanúint leis na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na bearta eisceachtúla a cuireadh i bhfeidhm le linn phaindéim COVID-19, aithníonn siad a thábhachtaí atá sé uirlisí leictreonacha a thabhairt isteach agus dearbhaíonn siad a dtiomantas leanúint de bheith ag obair le chéile i dtreo córas comhchoiteann a bheidh bunaithe ar chruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach agus ar chomhar riaracháin leictreonach laistigh den réigiún uile-Eora-Mheánmhara ('réigiún UEM')[5].

(6) Measann na Páirtithe gurb é atá san aistriú chuig cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach agus chuig comhar riaracháin digitithe faoi chuimsiú na Rialacha idirthréimhseacha na chéad chéimeanna i dtreo digitiú iomlán cruthúnas tionscnaimh ar scála réigiún UEM, go háirithe i bhfianaise theacht i bhfeidhm an leasaithe ar an gCoinbhinsiún atá le teacht.

---

[5] An tAontas Eorpach, an Íoslainn, Cónaidhm na hEilvéise (lena n-áirítear Lichtinstéin), Ríocht na hIorua, Oileáin Fharó, Stát Iosrael, Ríocht Haisimíteach na hIordáine, an Phalaistín (ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus ní dochar é do sheasaimh éagsúla na mBallstát maidir leis an tsaincheist sin), Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv (ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive), Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Seirbia, Montainéagró, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin.

(7) Chomhaontaigh na Páirtithe Airteagal 17(4) d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach, ionas go dtairbheoidh táirgí tionscnaimh de na forálacha sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gcomhréir le hAirteagal 17(4) d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile ('an Comhaontú'), comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfar na cruthúnais tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a), den Fhoscríbhinn sin, a eisiúint go leictreonach.

*Airteagal 2*

1. Déanfar an dáta óna dtosóidh Páirtí ag eisiúint deimhnithe gluaiseachta leictreonacha a shonrú sna fógraí arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus i gcomhréir le nósanna imeachta an Pháirtí sin.

2. Ón dáta a shonraítear sna fógraí dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh na Páirtithe le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach nuair a chuirtear isteach iad tráth an allmhairithe, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) go mbeadh foirm ag na deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach atá cosúil leis an bhfoirm shamplach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Foscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú;

   (b) go ndéanfadh údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir foráil maidir le córas slán ar líne chun barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach a fhíorú; agus

   (c) go mbeadh sraithuimhir uathúil ar na deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach agus, má tá fáil orthu, gnéithe slándála trínar féidir iad a shainaithint.

*Airteagal 3*

Féadfaidh Páirtí a chinneadh glacadh deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach a chur ar fionraí i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a liostaítear faoi Airteagal 2(2) agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas faoi sin roimh ré. Sonrófar dáta tosaigh na fionraí i bhfógra arna fhoilsiú i gcomhréir le nósanna imeachta an Pháirtí sin.

*Airteagal 4*

Chun críocha an chomhair riaracháin faoi Airteagail 34 agus 35 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh cúnamh a thabhairt dá chéile trí mhodhanna leictreonacha.

*Airteagal 5*

Déanfar an dáta óna gcuirfidh Páirtí an Cinneadh seo i bhfeidhm a fhoilsiú i bhfógra i gcomhréir le nósanna imeachta an Pháirtí sin.

*Airteagal 6*

Beidh feidhm ag Airteagail 1 go 5 go dtí dáta theacht i bhfeidhm chomhaontú na bPáirtithe maidir le timpeallacht dhigiteach uile-Eora-Mheánmhara a úsáid le haghaidh cruthúnais tionscnaimh arna bhforbairt leis na Páirtithe Conarthacha eile a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm, timpeallacht lena gceadaítear cruthúnais tionscnaimh a eisiúint agus/nó a chur isteach go leictreonach.

*Airteagal 7*

Ós rud é go scoirfidh na Rialacha idirthréimhseacha d'fheidhm a bheith acu ar dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar an gCoinbhinsiún, leanfaidh Airteagail 1 go 6 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu idir na Páirtithe faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin go dtí dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiúin lena mbunaítear na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisítear agus/nó a chuirtear isteach go leictreonach.

*Airteagal 8*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis don dara Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha curtha i gcrích aige.

Arna dhéanamh in/sa…, …

*Thar ceann na Comhairle*
*Cobhsaíochta agus Comhlachais*
*An Cathaoirleach*